# Am i Spórt a Fhiosrú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am, meastachán<br>Láimhseáil Sonraí - graif, sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>Uimhreas - oibríochtaí, comparáid agus ordú<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, Corpoideachas, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• ráitis ghinearálta a thuiscint agus a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | meas, meastachán, soicind, uair, fad, luas, is faide, is giorra, is gasta, is moille, deichithe, céadú, mílithe, slánaigh, is cóngaraí |
| **Áiseanna** | stopuaireadóir, amadóir, áiseanna le cairteacha a chruthú, áireamhán, Uirlis Ama Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Mar rang iomlán, pléigh coincheap na gcuriarrachtaí maidir le ham i spórt. Mar shampla, lúthchleasaíocht, sciáil, rásaíocht chapall, seóléimneach, Foirmle 1. Lig do na daltaí taighde a dhéanamh ar churiarrachtaí difriúla, na difríochtaí ó thaobh ama de, agus an dóigh a dtomhaistear na hamanna difriúla a chur i comparáid. Taifead smaointe ar chlár idirghníomhach nó cruthaigh taispeántas de churiarrachtaí éagsúla.

### 2 Gníomhaíocht 2

Déanann daltaí taifead ar an fhad ama a thógann sé orthu gníomhaíocht ar leith a chur i gcrích, mar shampla an míle laethúil, nó cuaird d'fhearann na scoile. Úsáideann siad a gcuid amanna féin lena luas a ríomh agus am críochnaithe d'fhad níos faide cosúil le 5 km, 10 km a mheas. Ríomhann daltaí an t-am críochnaithe a bheadh acu bunaithe ar a luas reatha agus cuireann siad torthaí i comparáid lena meastacháin.

### 3 Gníomhaíocht 3

Déanann daltaí Gníomhaíocht 2 arís thar thréimhse ar leith, mar shampla mí nó téarma amháin agus socraíonn siar ar dhóigh lena dtorthaí a thaifeadadh go beacht. Cuireann siad a gcuid torthaí i láthair ag úsáid graf nó cairt chuí. Cruthaíonn daltaí ceisteanna cuí leis na treochtaí agus patrúin ina gcuid torthaí a anailísiú, agus ansin cruthaíonn siad ráitis ghinearálta le hachoimre a dhéanamh ar a gcuid torthaí. Ansin, is féidir iad seo a chur i láthair don chuid eile den rang.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an t-am is gasta / is moille?<br>• Cá fhad a thóg sé in uaireanta / i mbomaití / i soicindí x m a rith nó a shiúl?<br>• Cuir d'amanna in ord don tseachtain / mhí.<br>• Cad é do mheán-am?<br>• Cá fhad do léim, chaitheamh go dtí an méadar / ceintiméadar is cóngaraí? | • Cad iad na tosca a théann i bhfeidhm ar d'am / d'fheidhmiú?<br>• Dá leanfá ag siúl / rith ar feadh mí eile, cad é mar a d'athrófá d'am?<br>• Cad é mar a d'athraigh curiarrachtaí domhanda thar am?<br>• Cad iad na hamanna atá réadúil / neamhréadúil do churiarrachtaí éagsúla? Cad chuige?<br>• Cad é a insíonn an graf / an chairt duit?<br>• Cén t-eolas atá ar iarraidh ón chairt seo?<br>• Cad chuige ar chuir tú do shonraí i láthair ar an dóigh seo?<br>• Cad iad na dóigheanna eile is féidir leat a úsáid le do shonraí a chur i láthair? |

## Difreáil

Socraigh aonaid ama de réir thuiscint na ndaltaí.

Lig dóibh áireamhán a úsáid mar is cuí. Leasaigh líon na gcuriarrachtaí a fhiosraíonn daltaí de réir tuisceana. Is féidir anailís ama a shíneadh leis na rudaí seo a leanas a chur san áireamh, mean, mód, airmheán nó thig le daltaí sonraí a chur i láthair i ngraif / i dtáblaí dá rogha féin.

Thig le daltaí slánú go dtí an t-aonad tomhais is cóngaraí mar is cuí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.